Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10820/23**
**ADD 5**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0187(CNS)**

**FISC 137**
**ECOFIN 629**
**IA 153**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 217 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR Chóras nua an Aontais chun cánachas dúbailte a sheachaint agus mí-úsáid chánach a chosc i réimse na nósanna imeachta cánach siarchoinneálaí (CSC) a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Faoiseamh Níos Tapa agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 217 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 217 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2023
SWD(2023) 217 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**Chóras nua an Aontais chun cánachas dúbailte a sheachaint agus mí-úsáid chánach a chosc i réimse na nósanna imeachta cánach siarchoinneálaí (CSC)**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle**

**maidir le Faoiseamh Níos Tapa agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha**

{COM(2023) 324 final} - {SEC(2023) 243 final} - {SWD(2023) 215 final} - {SWD(2023) 216 final}

| Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| **Measúnú tionchair ar 'chóras nua an Aontais chun cánachas dúbailte a sheachaint agus mí-úsáid chánach a chosc i réimse na nósanna imeachta cánach siarchoinneálaí (CSC)'** |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Le hinfheistíochtaí trasteorann, toibhíonn go leor tíortha de chuid an Aontais cánacha siarchoinneálacha nuair a íoctar díbhinní agus ús ar urrúis le hinfheisteoir neamhchónaitheach. Déantar an cháin sin a thobhach de ghnáth, áfach, ag ráta atá níos airde ná an ráta laghdaithe a bhfuil an t-infheisteoir neamhchónaitheach i dteideal a fháil, de réir an chonartha cánach ábhartha nó na reachtaíochta intíre ábhartha.<br><br>Chun cánachas dúbailte a sheachaint, bheadh ar infheisteoirí neamhchónaitheacha éileamh aisíocaíochta a chur isteach i leith na cánach breise a coinníodh siar sa tír de chuid an Aontais óna ndéantar an íocaíocht (an 'tír fhoinseach').<br><br>Is iad seo a leanas na nósanna imeachta aisíocaíochta cánach siarchoinneálaí reatha le haghaidh díbhinní agus íocaíochtaí úis le hinfheisteoirí neamhchónaitheacha:<br>• neamhéifeachtúil (as a dtiocfaidh nósanna imeachta aisíocaíochta costasacha fadálacha)<br>• riosca ard mí-úsáide cánach (a mbeidh caillteanais ioncaim do na Ballstáit mar thoradh air).<br><br>Tarlaíonn na fadhbanna sin i gcomhthéacs staid mhíchothrom an digitithe ar fud thíortha an Aontais agus meascán ilroinnte de nósanna imeachta náisiúnta cánach siarchoinneála.<br><br>Eascraíonn na fadhbanna a sainaithníodh freisin as an easpa faisnéise cruinne atá i seilbh riarachán cánach. Tá gá leis sin chun rátaí cánach siarchoinneála laghdaithe a mheas agus a chur i bhfeidhm i gceart agus chun cleachtais drochúsáide a aithint go héifeachtach.<br><br>Díspreagann an staid reatha infheistíocht trasteorann laistigh den Aontas agus isteach san Aontas agus, dá bhrí sin, ní bhíonn margadh an Aontais chomh iomaíoch céanna dá bharr sin, rud a chuireann bac ar fheidhmiú Aontas na Margaí Caipitil.<br><br>An baol go mbainfí mí-úsáid as nósanna imeachta, laghdaíonn sin ioncam cánach agus cothroime cánach i ndeireadh na dála. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Baineann cuspóirí **ginearálta** an tionscnaimh le cánachas cothrom a áirithiú agus le hAontas na Margaí Caipitil a threisiú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>• infheistíocht trasteorann a éascú, agus<br>• mí-úsáid cánach a chosc.<br><br>Is iad cuspóirí **sonracha** an tionscnaimh:<br>• nósanna imeachta cánach siarchoinneálaí a dhéanamh níos éifeachtúla, agus |

- uirlisí iomchuí a chur ar fáil do na Ballstáit chun mí-úsáid chánach a chomhrac.

Tá tábhacht chomhionann ag baint leis na cuspóirí sin.

**Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?**

I bhfianaise na hilroinnte atá ann faoi láthair ar fud an Aontais, tá gá le rialacha nós imeachta caighdeánaithe maidir le cánacha siarchoinneálacha chun feidhmiú cuí an mhargaidh aonair a áirithiú. Chun leas iomlán a bhaint as Aontas na Margaí Caipitil, tá rialacha maidir le cáin shiarchoinneálach ag teastáil ó infheisteoirí punainne rialacha maidir le cáin shiarchoinneálach, ar rialacha iad nach mór a chur i bhfeidhm ar bhealach níos aonfhoirmí ar fud an Aontais seachas rialacha éagsúla a chomhlíonadh i ngach Ballstát.

Ós rud é gur i gcomhthéacs trasteorann amháin a thagann an fhadhb chun cinn, is cosúil gurb é gníomhaíocht an Aontais an bealach is éifeachtaí chun nósanna imeachta cánach siarchoinneálaí níos tapa a bhaint amach agus chun dul i ngleic le cásanna mí-úsáideacha cánach.

Ós rud é nach bhfuil na torthaí inmhianaithe mar thoradh ar thionscnaimh dlí boga a rinne an Coimisiún (amhail Moladh 2009 maidir le nósanna imeachta um fhaoiseamh cánach siarchoinneálaí agus cód iompair 2017 maidir le cáin shiarchoinneálach), tá gá anois le togra ar leibhéal an Aontais a bhfuil tionchar ceangailteach aige chun na cuspóirí a bhaint amach.

**B. Réitigh**

**Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?**

D'fhéadfaí na cuspóirí a bhaint amach le 3 rogha beartais:

- **Rogha 1 — deimhniú digiteach coiteann an Aontais maidir le cónaí cánach digiteach (ríomh-DCC) + tuairisciú caighdeánaithe**. Is é atá ann:
  - **ríomh-DCC caighdeánaithe a bhunú ar fud an Aontais** — d'eiseofaí/dheimhneofaí ar líne an deimhniú digiteach sin (a bhfuil inneachar agus formáid choiteann ann) agus i mbeagnach i bhfíor-am ag gach Ballstát.
  - **caighdeán coiteann tuairiscithe a thabhairt isteach** — chuirfeadh caighdeán tuairiscithe uile-Aontais leis an trédhearcacht, mar go ndéanfadh gach idirghabhálaí ar fud an tslabhra airgeadais tacar faisnéise dea-shainithe a thuairisciú don tír thionscnaimh de chuid an Aontais. Bheadh nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le dícheall cuí, rialacha dliteanais agus foirmeacha aisíocaíochta caighdeánaithe ag gabháil leis an gcleachtas sin, cleachtas a bheadh le comhdú thar ceann cliant/cáiníocóirí ar bhonn uathoibrithe.
- **Rogha 2 — córas faoisimh ag foinse**. Is é atá sa rogha sin rogha 1 móide córas faoisimh ag an bhfoinse a bhunú lena gceadaítear rátaí laghdaithe faoi chonarthaí cánach dúbailte nó rialacha intíre a chur i bhfeidhm go díreach tráth na díbhinne/na híocaíochta úis. Faoi rogha 2, dhéanfadh riaracháin chánach faireachán ar na cánacha atá dlite tar éis don

díbhinn/íocaíocht úis a bheith íoctha.

- **Rogha 3 — córas mear-aisíocaíochta laistigh d'achar ama socraithe nó/agus faoiseamh ag an bhfoinse**. Cuimsíonn an rogha seo rogha 1 leis an gceanglas breise gur cheart do na Ballstáit a bhfuil córas aisíocaíochta á chur i bhfeidhm acu a áirithiú go láimhseálfar an t-aiséileamh laistigh de thréimhse ama réamhshainithe, rud a dtugtar córas mear-aisíocaíochta air. Féadfaidh na Ballstáit córas faoisimh ag an bhfoinse a thabhairt isteach nó leanúint dá chur chun feidhme.

Is í **rogha 3** an rogha bheartais thosaíochta toisc:

- go mbeadh sé an-éifeachtach le haghaidh dul i ngleic leis na fadhbanna a sainaithníodh i dtéarmaí luais, próiseas níos simplí agus nósanna imeachta níos digití.
- go mbeadh sé níos sábháilte, toisc go dtugtar an rogha leis do thíortha an Aontais rialú roimh ré a choinneáil ar bun ar iarratais ar aisíocaíochtaí.
- go gcuirfí bealach chun cinn ar fáil léi ar cheart é a bheith indéanta ó thaobh na polaitíochta de i ngach tír de chuid an Aontais.

**Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

Tá comhdhearcadh ginearálta i measc na bpáirtithe leasmhara maidir leis na fadhbanna a eascraíonn as na nósanna imeachta cánach siarchoinneálaí éagsúla ar fud thíortha an Aontais agus maidir leis an ngá atá le gníomhaíocht ón Aontas chun dul i ngleic le staid ilroinnte agus neamhéifeachtúil den sórt sin.

Mar sin féin, tá éagsúlachtaí tuairime idir na príomhghrúpaí páirtithe leasmhara maidir leis na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun é sin a dhéanamh:

Ba léir gur mheas infheisteoirí agus idirghabhálaithe airgeadais go soláthródh faoiseamh ag an bhfoinse na torthaí is fearr, cuir i gcás luathfhaoiseamh d'infheisteoirí agus ualach teoranta ar idirghabhálaithe. Ghlac siad leis freisin gur dócha go mbeadh gá le córas faoisimh ag an bhfoinse a chomhlánú le córais aisíocaíochta cánach siarchoinneálaí, mar chúltaca. Dá bhrí sin, thacaigh siad le tionscnamh a mbeadh sé d'aidhm aige freisin na próisis agus na foirmeacha reatha lena ndéantar aisíocaíochtaí cánach siarchoinneála a chaighdeánú.

Chuir na **Ballstáit** in iúl go dtacaíonn siad le deimhniú comhchoiteann maidir le cónaí digiteach cánach a thabhairt isteach ar fud an Aontais. Maidir leis an oibleagáid tuairiscithe agus nós imeachta caighdeánaithe:

(a) Ní bheadh tionchar díreach ag caighdeánú nósanna imeachta nó tuairisciú cánach siarchoinneála ar Bhallstáit inarb ísle nó comhionann an ráta intíre d'infheisteoirí neamhchónaitheacha ná ráta déthaobhach na gconarthaí cánach. Chuir roinnt de na Ballstáit sin in iúl go dtacaíonn siad le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais mar go bhfeabhsóidh sé staid a n-infheisteoirí.

(b) Na Ballstáit ina bhfuil an ráta cánach siarchoinneálaí inmheánach níos airde ná ráta déthaobhach na gconarthaí cánach, bíonn siad ar aon tuairim go ginearálta maidir le trédhearcacht a fheabhsú agus nósanna imeachta siarchoinneála cánach a chaighdeánú, agus béim á leagan acu ar a thábhachtaí atá sé cothromaíocht a bhaint amach idir na nósanna imeachta sin a dhéanamh éifeachtúil agus smacht a choinneáil ar na próisis chun mí-úsáidí cánach a chosc.

| C. Tionchar na rogha tosaíochta |
|---|
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (Rogha 3 — Faoiseamh ag an bhFoinse nó Córas Aisíocaíochta Thapa)?** |
| - Bhainfeadh **infheisteoirí** tairbhe as laghdú ar aisíocaíochtaí cánach siarchoinneálaí a ligfí thar ceal, ar chostais riaracháin agus ar dheischostais laghdaithe. Meastar gurb é a bheadh sa choigilteas costais sin EUR 5.17 billiún in aghaidh na bliana d'infheisteoirí, lena n-áirítear coigilt EUR 409 milliún in aghaidh na bliana mar gheall ar pháipéarachas laghdaithe d'infheisteoirí an Aontais.<br>- **Riaracháin chánach** — san fhadtéarma d'fhéadfadh sé gur lú na hacmhainní a bheadh ag teastáil chun déileáil le nósanna imeachta cánach siarchoinneála maidir le haiséileamh, agus mar sin d'fhéadfaí tuilleadh acmhainní a ath-leithdháileadh chun déileáil le cásanna riosca níos airde. Mar sin féin, is é an príomhbhuntáiste atá ann do riaracháin chánach infhaighteacht na faisnéise iomchuí chun nósanna imeachta cánach siarchoinneálaí a chur i gcrích ar bhealach níos tapa agus chun mí-úsáid cánach a chomhrac.<br>- **Idirghabhálaithe airgeadais** — dhéanfadh digitiú agus caighdeánú coigiltis shuntasacha ar leibhéal an Aontais (meastar gur EUR 13.5 milliún in aghaidh na bliana a bheadh i gceist). Ba cheart go rachadh an méadú ar infheistíocht chun tairbhe idirghabhálaithe airgeadais agus go méadódh sé deiseanna láimhdeachas a fheabhsú.<br>- **Éifeachtaí maicreacnamaíocha** — tá coinne le méadú 0.025 % ar OTI. Beidh tionchar dearfach ag an rogha seo freisin ar tháscairí maicreacnamaíocha eile, cuir i gcás caipiteal, pá agus fostaíocht. |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (Rogha 3 — Faoiseamh ag an bhFoinse nó Córas Aisíocaíochta Thapa)?** |
| - **Infheisteoirí** — níl coinne le costais bhreise d'infheisteoirí, toisc go gcaithfidh siad doiciméid a chur isteach cheana féin le haghaidh aisíocaíochtaí cánach siarchoinneálaí.<br>- **Riaracháin chánach** — baineann na príomhchostais leis na próisis is gá chun ríomh-DCC a eisiúint/a fhíorú, a meastar gurb é a bheadh iontu EUR 4.9-54 milliún i gcostais forbartha agus EUR 0.97-10.8 milliún i gcostais athfhillteacha; agus córais tuairiscithe fheabhsaithe, a meastar go dtabhóidh siad EUR 18.2 milliún chun costais a chur chun feidhme agus EUR 3.5 milliún i gcostais bhliantúla athfhillteacha.<br>- **Idirghabhálaithe airgeadais** — is é atá sna costais a thabhaítear chun an sásra a bhunú chun na ceanglais faoi rogha 3 a chomhlíonadh agus EUR 75.9 milliún i gcostais chur chun feidhme agus EUR 13 mhilliún i gcostais athfhillteacha.<br>- **Éifeachtaí maicreacnamaíocha** — ós rud é go mbeidh níos lú cásanna den chánachas dúbailte ann, beidh laghdú EUR 2.2 billiún ar ioncam cánach na mBallstát (d'fhéadfaí é sin a fhritháireamh trí chalaois a chosc). |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |

D’fhéadfadh an tionchar ar FBManna a bheith teoranta toisc go bhfuil an tionscnamh dírithe den chuid is mó ar infheisteoirí punainne, a dhéanann infheistíocht i gcuideachtaí liostaithe go ginearálta.

Mar sin féin, gníomhaíonn FBManna mar infheisteoirí in urrúis (mar infheisteoirí punainne nó mar mheáin infheistíochta). Sna cásanna sin, bhainfidís tairbhe as an togra reatha maidir le rochtain níos fearr ar na rátaí cánach siarchoinneálaí laghdaithe a bhfuil siad ina dteideal, agus cánachas dúbailte á sheachaint. Chuirfeadh sé ar a gcumas dóibh leas a bhaint as leachtacht níos mó i ngeall ar aisíocaíochtaí níos tapa, rud atá ina bhuntáiste do FBManna.

**An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?**

Níor sainaithníodh aon tionchar suntasach eile. Meastar, áfach, nach mbeidh ach tionchar sóisialta dearfach teoranta ag an tionscnamh, ós rud é go n-áiritheofaí leis cánachas níos cothroime; chomh maith le tionchar dearfach teoranta ar an gcomhshaol, i bhfianaise an laghdaithe a bhfuil coinne leis i bpróisis aisíocaíochta páipéarbhunaithe. Dá bhrí sin, tá an tionscnamh reatha comhsheasmhach le comhlíonadh an chuspóra um aeráidneodracht mar a iarrtar sa Dlí Aeráide Eorpach.

**Comhréireacht?**

Comhlíonann an rogha thosaíochta cuspóirí an tionscnaimh ar bhealach comhréireach, sa mhéid is nach dtéann sí thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach agus go dteorannaíonn sí an raon feidhme do na gnéithe sin nach féidir le tíortha an Aontais a bhaint amach astu féin (ríomh-DCC ar fud an Aontais, creat tuairiscithe caighdeánach, rialacha caighdeánaithe díchill chuí agus dliteanais agus nósanna imeachta caighdeánaithe ar fud an Aontais).

**D. Iarobair**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfaidh an Coimisiún scrúdú agus meastóireacht ar fheidhmiú na Treorach seo gach cúig bliana tar éis di teacht i bhfeidhm. Cuirfear tuarascáil ar an meastóireacht ar an Treoir faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.